2025/2295

14.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2295 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Samhain 2025

lena leagtar amach an liosta d'athróga agus tuairisc orthu agus a sonraíochtaí teicniúla, a n-aicmithe staidrimh, a miondealuithe, a meiteashonraí agus a spriocanna beachtais maidir leis na topaicí 'folúntais poist', 'an t-innéacs costais saothair' agus 'an bhearna phá idir na hinscní' de bhun Rialachán (AE) 2025/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2025 maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun cur chun feidhme cruinn bhailiú sonraí na dtopaicí 'folúntais poist', 'an n=t-innéacs costais saothair' agus 'an bhearna phá idir na hinscní' a áirithiú, tá an Coimisiún le hinneachar agus míreanna teicniúla an tacair sonraí, na coincheapa staidrimh, na miondealuithe, na spriocanna beachtais, na meiteashonraí agus na formáidí chun faisnéis a tharchur a shonrú.

(2) Ba cheart an staidreamh maidir le hearnálacha eacnamaíocha a bheith inchomparáide go hidirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais aicmiú staidrimh a úsáid le haghaidh earnálacha eacnamaíocha, aicmiú atá comhoiriúnach d'aicmiú NACE ([2]).

(3) Tá na meiteashonraí réamhchinntithe ag teastáil chun na staitisticí ráithiúla a léirmhíniú agus a úsáid.

(4) Chun é a dhéanamh níos éasca torthaí a chur i gcomparáid agus a léirmhíniú agus chun an comhleanúnachas idir na sonraí a scaiptear go náisiúnta agus na sonraí a scaiptear go hidirnáisiúnta a mhéadú le himeacht ama, tá coigeartú in aghaidh séasúir nó in aghaidh féilire ag teastáil le haghaidh an staidreamh gearrthéarma a thiomsú.

(5) Tá sé tábhachtach, chun críoch anailíseach, go bhfuil méid iomchuí sonraí siarghabhálacha ar fáil ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar innéacsanna na gcostas saothair le himeacht ama.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Liosta d'athróga agus tuairisc orthu agus a sonraíochtaí teicniúla

1. Tarchuirfear sonraí ar an leibhéal náisiúnta. An liosta agus tuairisc ar na hathróga agus ar a sonraíochtaí teicniúla, mar aon leis na haicmithe staidrimh agus na miondealuithe staidrimh atá le tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat), leagfar amach iad de réir mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinn I.

([1]) IO L, 2025/941, 20.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/941/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

2. Maidir leis an topaic ‘an bhearna phá idir na hinscní’, nuair a bheidh sonraí na topaice ‘struchtúr tuillimh’ ar fáil, déanfar na sonraí ‘an bhearna phá idir na hinscní’ a tharchur faoin Rialachán más gá. Tiocfaidh na sonraí athbhreithnithe leis na luachanna comhfhreagracha arna dtarchur faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1526 ([3])ón gCoimisiún

Airteagal 2

Spriocanna beachtais

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a bheidh na spriocanna beachtais le haghaidh suirbhéanna staidrimh.

Airteagal 3

Meiteashonraí

1. Agus na sonraí ráithiúla á gcur faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) tarchuirfidh na sonraí ráithiúla do na topaicí ‘folúntais poist’ agus ‘innéacs na gcostas saothair’, mar aon leis na sonraí bliantúla don topaic ‘an bhearna phá idir na hinscní’ de bhun Rialachán (AE) 2025/941, tarchuirfidh na Ballstáit faisnéis (meiteasonraí) maidir leis an méid a leanas:

(a) Athruithe móra ar an margadh saothair a d’imir tionchar ar líon na bpost líonta nó ar líon na bpost folamh le haghaidh na topaice ‘folúntais poist’, ar an innéacs costais saothair agus ar a chomhpháirteanna don topaic ‘an n=t-innéacs costais saothair’, agus ar athróga na topaice ‘an bhearna phá idir na hinscní’.

(b) Athruithe ar fhoinsí agus ar mhodhanna arna gcur chun feidhme sa ráithe thagartha is déanaí le haghaidh na dtopaicí ‘folúntais poist’ agus ‘an n=t-innéacs costais saothair’, nó an bhliain thagartha is déanaí don topaic ‘an bhearna phá idir na hinscní’, lena ndéantar tuairisc maidir leis an méid a leanas:

— na hathruithe ar fhoinsí agus ar mhodhanna;

— an tsraith dá ndearnadh difear, ar leibhéal roinne NACE;

— an éifeacht a bhfuil coinne leis ó thaobh cáilíochta de, go háirithe an laofacht agus an luaineacht;

— cé acu a bhí nó nach raibh na hathruithe ina gcúis le briseadh sa tsraith agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh coigeartú nó leasú ar na sonraí ón am a d’imigh thart.

(c) Na cúiseanna le leasuithe móra nó le leasuithe ar bhonn minic ar na sonraí ón am a d’imigh thart.

(d) Faisnéis ábhartha ar bith eile lena ligtear athruithe móra a bheith déanta ar na sonraí atá le léirmhíniú agus a bhaineann le staid iarbhír an mhargaidh saothair nó le hathruithe ar fhoinsí agus ar mhodhanna.

Airteagal 4

Formáidí chun faisnéis a tharchur

1. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) tacair sonraí i bhfoirm leictreonach in éineacht le faisnéis atá seiceáilte agus curtha in eagar go hiomlán agus a chomhlíonfaidh na rialacha maidir le bailíochtú i gcomhréir le sonraíocht na n-athróg a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Déanfar na sonraí a tharchur i dtacair sonraí iomlána a chumhdaíonn gach athróg, beag beann ar líon na mbarúlacha athbhreithnithe agus na n-athróg athbhreithnithe.

2. Cuirfidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí a cheanglaítear faoin Rialachán seo ar fáil don Choimisiún (Eurostat) agus na caighdeáin maidir le sonraí staidrimh a mhalartú arna sonrú ag an gCoimisiún (Eurostat) agus an pointe iontrála aonair á úsáid acu.

([3]) IO L, 2025/1526, 30.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1526/oj.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Liosta na n-athróg agus tuairisc orthu agus ar a sonraíochtaí teicniúla

1. AN LIOSTA D'ATHRÓGA AGUS TUAIRISC ORTHU

(a) **Maidir leis an topaic 'folúntais poist'**

Déanfar na sonraí a tharchur (i) gan choigeartú agus (ii) arna choigeartú de réir séasúir.

Topaic mhionsonraithe	Ainm na hathróige	Aonad tomhais	Miondealuithe
Poist fholmha	Poist fholmha	Líon, neamhchoigeartaithe	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T — A *(roghnach)*
		Líon, arna choigeartú de réir séasúir	Ranna NACE: — F, J, K, L, M, agus — comhiomláin: B go E, G go I, N go O, P go R agus S go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*
	Poist fholmha le gníomhaireachtaí fostaíochta sealadacha arna dtaifeadadh de réir ghníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid fiontair nó an aonaid áitiúil ina bhfeidhmíonn an fostaí an ghníomhaíocht ghairmiúil *(roghnach)*	Líon, neamhchoigeartaithe	Ranna NACE: — A, B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T
		Líon, arna choigeartú de réir séasúir	Ranna NACE: — A, F, J, K, L, M, agus — comhiomláin: B go E, G go I, N go O, P go R agus S go T
Poist ghafa	Poist ghafa	Líon, neamhchoigeartaithe	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T — A *(roghnach)*
		Líon, arna choigeartú de réir séasúir	Ranna NACE: — F, J, K, L, M, agus — comhiomláin: B go E, G go I, N go O, P go R agus S go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*
	Poist líonta le gníomhaireachtaí fostaíochta sealadacha arna dtaifeadadh de réir ghníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid fiontair nó an aonaid áitiúil ina bhfeidhmíonn an fostaí an ghníomhaíocht ghairmiúil *(roghnach)*	Líon, neamhchoigeartaithe	Ranna NACE: — A, B C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T
		Líon, arna choigeartú de réir séasúir	Ranna NACE: — A, F, J, K, L, M, agus — comhiomláin: B go E, G go I, N go O, P go R agus S go T

(b) **Maidir leis an topaic 'innéacs costais saothair'**

Déanfar na sonraí a tharchur (i) neamhchoigeartaithe; (ii) arna choigeartú de réir féilire; agus (iii) arna choigeartú de réir féilire agus séasúir. Déanfar coigeartú féilire agus coigeartú séasúrach go hindíreach chun comhleanúnachas idir comhpháirteanna agus comhiomláin a chaomhnú.

Topaic mhionsonraithe	Ainm na hathróige	Aonad tomhais	Miondealuithe
Innéacs ráithiúil na gcostas saothair in aghaidh na huaire oibre	Innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán in aghaidh na huaire oibre	Innéacs, neamhchoigeartaithe	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire agus séasúir	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
	Innéacs ráithiúil pá agus tuarastal in aghaidh na huaire oibre	Innéacs, neamhchoigeartaithe	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire agus séasúir	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T

Topaic mhionsonraithe	Ainm na hathróige	Aonad tomhais	Miondealuithe
	Innéacs ráithiúil na gcostas saothair seachas pá agus tuarastail in aghaidh na huaire oibre	Innéacs, neamhchoigeartaithe	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire agus séasúir	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T
Innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán (*)	Innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán	Innéacs, neamhchoigeartaithe	Roinn NACE: — F agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*.
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire	Roinn NACE: — F agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*.
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire agus séasúir	Roinn NACE: — F agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2295/oj

Topaic mhionsonraithe	Ainm na hathróige	Aonad tomhais	Miondealuithe
Innéacs ráithiúil na n-uaireanta oibre (*)	Innéacs ráithiúil na n-uaireanta oibre	Innéacs, neamhchoigeartaithe	Roinn NACE: — F agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*.
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire	Roinn NACE: — F agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*.
		Innéacs, arna choigeartú de réir féilire agus séasúir	Roinn NACE: — F agus — comhiomláin: B go E, G go O, B go O, P go T agus B go T Gach roinn NACE aonair eile nach liostaítear thuas *(roghnach)*
Costais saothair bhliantúla	Costais saothair iomlána	Airgeadra náisiúnta	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomlán: B go T
	Pá agus tuarastail	Airgeadra náisiúnta	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomlán: B go T
	Costais saothair seachas pá agus tuarastail	Airgeadra náisiúnta	Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T agus — comhiomlán: B go T

(*)

(c) **Maidir leis an topaic ‘an bhearna phá idir na hinscní’**

Topaic mhionsonraithe	Ainm na hathróige	Aonad tomhais	Miondealuithe
Tuilleamh in aghaidh na huaire	Olltuilleamh in aghaidh na huaire	Airgeadra náisiúnta	Inscne: — fireann, baineann Aicmí aoise: — suas le 29, 30-34, 35-44, 45-54, 55-64, 65+ Am oibre conarthach: — lánaimseartha, páirtaimseartha Rialú eacnamaíochta agus airgeadais: — poiblí, príobháideach Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T
Tuilleamh in aghaidh na huaire	An bhearna phá idir na hinscní	Céatadán	Aicmí aoise: — suas le 29, 30-34, 35-44, 45-54, 55-64, 65+ Am oibre conarthach: — lánaimseartha, páirtaimseartha Rialú eacnamaíochta agus airgeadais: — poiblí, príobháideach Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T
Fostaithe	Fostaithe	Líon, de réir líon na ndaoine	Inscne: — fireann, baineann Aicmí aoise: — suas le 29, 30-34, 35-44, 45-54, 55-64, 65+ Am oibre conarthach: — lánaimseartha, páirtaimseartha Rialú eacnamaíochta agus airgeadais: — poiblí, príobháideach Ranna NACE: — B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N, O, P, Q, R, S, T

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2295/oj

2. SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA

(a) **Maidir leis an topaic 'folúntais poist'**

(1) Is éard is *post líonta* ([1]) ann post dá n-íoctar luach saothair laistigh d'fhiontar cónaitheach nó d'aonad áitiúil cónaitheach ar sannadh fostaí dó ar feadh tréimhse sainithe nó go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

(2) Is éard is *post folamh* ann post a bhfaightear luach saothair ina leith i bhfiontar cónaitheach nó in aonad áitiúil cónaitheach:

(a) Atá nuachruthaithe, neamháitithe, nó ar tí a bheith folamh.

(b) A bhfuil bearta gníomhacha á ndéanamh ag an bhfostóir ina leith chun iarrthóir oiriúnach a fháil ó lasmuigh den fhiontar lena mbaineann (fiú más féidir le hiarrthóir inmheánach ón bhfiontar an post a ghlacadh). I measc na mbeart gníomhach chun iarrthóir oiriúnach a aimsiú tá:

(i) fógra a thabhairt maidir leis an bhfolúntas poist do na seirbhísí poiblí fostaíochta;

(ii) teagmháil a dhéanamh le gníomhaireacht phríobháideach fostaíochta/spriocearcaitheoirí príobháideacha;

(iii) an folúntas a fhógairt sna meáin (mar shampla, an t-idirlíon, nuachtáin, irisí);

(iv) an folúntas a fhógairt ar bhord fógraí poiblí;

(v) dul i dteagmháil go díreach le hiarrthóirí/earcaigh fhéideartha, iad a chur faoi agallamh nó iad a roghnú;

(vi) dul i dteagmháil le fostaithe agus/nó le teagmhálacha pearsanta;

(vii) intéirnigh a earcú d'fhonn post íoctha a líonadh tar éis tréimhse phromhaidh.

(c) A bhfuil sé ar intinn ag an bhfostóir é a líonadh láithreach nó laistigh de thréimhse shonraithe ama.

I gcás gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí, déanfar poist líonta atá liostaithe agus poist fholmha atá le liostú ar phárolla na ngníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí a thaifeadadh:

— maidir le tarchur sainordaitheach staidrimh folúntais poist i roinn O de NACE, a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíocht eacnamaíoch na ngníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí;

— ar bhonn roghnach, de réir roinn NACE den fhiontar cónaitheach nó den aonad áitiúil cónaitheach ina ndéanann an fostaí an ghníomhaíocht ghairmiúil.

(b) **Maidir leis an topaic 'innéacs costais saothair'**

(1) Is iad *na costais saothair iomlána* na costais iomlána arna dtabhú ag an bhfostóir i bhfostaíocht saothair. Is éard atá iontu suim an phá agus na dtuarastal lena n-áirítear bónais, ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí agus cánacha a bhaineann le fostaíocht, a mheastar mar chostais saothair arna n-íoc ag an bhfostóir lúide fóirdheontais a bhaineann le fostaíocht arna bhfáil ag an bhfostóir.

(2) Cumhdaíonn *uaireanta oibre* líon iomlán uaireanta oibre iarbhír gach fostaí, cibé acu fostaithe lánaimseartha, fostaithe páirtaimseartha, printísigh, oiliúnaithe íoctha nó intéirnigh iad. Sainmhínítear uaireanta oibre iarbhír mar shuim na dtréimhsí uile a chaitear ar ghníomhaíochtaí díreacha agus coimhdeacha chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh le linn na ráithe tagartha. Sainmhínítear fostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1526 ón gCoimisiún.

([1]) Freagraíonn sé don choincheap 'post' i gCóras Eorpach na gCuntas (mír 11.22). Féach Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1-727, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj).

I measc na n-uaireanta oibre iarbhír tá:

— uaireanta oibre le linn gnáth-thréimhsí oibre;

— tréimhsí ragoibre íoctha, i.e. uaireanta oibre sa bhreis ar ghnáthuaireanta oibre, gan beann ar an ráta pá in aghaidh na huaire a chuirtear i bhfeidhm (e.g. ba cheart aon uair oibre amháin ag dhá oiread an ghnáthráta pá in aghaidh na huaire a iontráil mar aon uair amháin);

— tréimhsí ragoibre neamhíoctha ([2]) (más féidir);

— an t-am a chaitear ar thascanna amhail: obair agus ullmhú láithreáin; uirlisí agus meaisíní a ullmhú, a chothabháil, a dheisiú agus a ghlanadh; admhálacha agus sonraisc a dhéanamh amach; cártaí oibre agus tuarascálacha, etc., a lánbhreacadh;

— am a chaitear san áit oibre nach ndéantar aon obair lena linn, mar shampla, mar gheall ar stopadh meaisín, timpistí nó easpa oibre ó am go chéile, ach a ndéantar íocaíocht ina leith i gcomhréir leis an gconradh fostaíochta;

— tréimhsí gearra scíthe san áit oibre, lena n-áirítear sosanna tae agus caife;

— uaireanta a chaitear i mbun oiliúna san fhiontar/san aonad áitiúil nó i bhforais oideachais (eisiatar an mhír seo do phrintísigh);

— uaireanta a chaitear ar thurais ghnó arna n-íoc ag an bhfostóir;

— tréimhsí oibre ar glao-dhualgas le haghaidh na n-uaireanta a chaitear san ionad oibre agus le haghaidh na n-uaireanta a chaitear lasmuigh den ionad oibre ón uair a ghlaoitear an fostaí ar ais chun dualgais (lena n-áirítear am taistil, e.g. ón mbaile go dtí an áit oibre);

— uaireanta a caitheadh ag obair ón mbaile, ar choinníoll gur féidir leis an bhfostóir teagmháil a dhéanamh leis an bhfostaí le linn na ngnáthuaireanta oibre.

Ní áirítear an méid seo a leanas in uaireanta oibre iarbhír:

— uaireanta a íocadh ach nár oibríodh, mar shampla laethanta saoire íoctha, laethanta saoire poiblí, neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht, saoire mháithreachais, teagmhais *force majeure* amhail dálaí adhaimsire nó tubaistí nádúrtha, etc.;

— uaireanta nár oibríodh agus nár íocadh, mar shampla le linn tréimhsí breoiteachta agus máithreachais, etc.;

— uaireanta nár oibríodh (cibé acu a íocadh iad nó nár íocadh) le linn saoire speisialta le haghaidh scrúduithe leighis, póstaí, sochraidí, aistriú tí, tar éis tionóisce, etc.;

— príomhsosanna béile (i.e. ní tréimhsí scíthe gearra ná sosanna úrúcháin);

— uaireanta nár oibríodh (bíodh siad íoctha nó ná bíodh) le linn obair ghearr-ama, díospóidí saothair, frithdhúnadh, etc.;

— an t-am a chaitheann an fostaí ag taisteal idir an baile agus an áit oibre;

— uaireanta a chaitheann printísigh faoi oiliúint san fhiontar/san aonad áitiúil nó i bhforais oideachais.

(3) Áirítear le *pá agus tuarastail* luach saothair díreach, bónais agus pá as sealobair, liúntais, táillí, coimisiúin agus luach saothair comhchineáil. Áirítear orthu freisin pá agus tuarastail a íoctar le hoibrithe seachtracha, le printísigh, le hoiliúnaithe agus le hintéirnigh. Mar sin féin, eisiatar pá d'oibrithe seachtracha a íoctar ar rátaí tascoibre [CCE 2010, mír 4.07e]. Murab ionann agus na cuntais náisiúnta, eisiatar séisíní agus aiscí toisc nach n-íocann na fostóirí iad agus, dá bhrí sin, ní dhéantar iad a thaifeadadh mar chostais saothair ina gcuntais.

([2]) Is minic nach mór uaireanta oibre neamhíoctha mar chuid de 'uaireanta oibre iarbhír' a mheas, mar shampla ó shonraí ó shuirbhéanna teaghlaigh.

Déantar pá agus tuarastail a thaifeadadh sa tréimhse ina ndéantar an obair. Mar sin féin, déantar bónais *ad hoc* nó íocaíochtaí eisceachtúla eile, pá an 13ú mí, etc. a thaifeadadh tráth a bhíonn siad dlite le híoc. Taifeadtar scair-roghanna idir dáta an deonaithe agus dáta an dílsithe. Mura leor na sonraí, déantar luach na rogha a thaifeadadh dáta an dílsithe;

(4) Is ionann *costais saothair seachas pá agus tuarastail* agus suim na gcomhpháirteanna seo a leanas: ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí agus cánacha ar shaothar arna n-íoc ag an bhfostóir, lúide fóirdheontais saothair arna bhfáil ag an bhfostóir.

(5) Is éard atá i *ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí* méid atá cothrom le luach na ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha ag fostóirí le scéimeanna slándála sóisialta nó le scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht chun teidlíocht ar shochair shóisialta a áirithiú dá bhfostaithe. Féadfaidh ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí a bheith iarbhír nó barúlach.

Cumhdaítear leo na rioscaí agus na riachtanais seo a leanas:

— tinneas;

— easláine, míchumas;

— tionóisc cheirde nó galar ceirde;

— seanaois;

— marthanóirí;

— máithreachas;

— cúrsaí teaghlaigh;

— cothú fostaíochta;

— dífhostaíocht;

— tithíocht;

— oideachas;

— ganntanas ginearálta.

Áirítear orthu sin ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí is iníoctha le printísigh.

(6) Cumhdaítear le *cánacha ar shaothar arna n-íoc ag an bhfostóir* gach cáin bunaithe ar an mbille pá agus tuarastail iomlán nó ar fhostaíocht. Meastar gur costais saothair iad na cánacha sin. Áirítear freisin cánacha pionóis atá le híoc ag fostóirí i roinnt tíortha as líon róbheag daoine faoi mhíchumas agus cánacha nó táillí comhchosúla a fhostú.

Ní áirítear le catagóir na gcostas saothair seo ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha ag an bhfostóir ná na méideanna a choinníonn an fostóir siar chun ranníocaíochtaí sóisialta nó cánacha ioncaim is iníoctha ag an bhfostaí a íoc.

(7) Is éard atá i bh*fóirdheontais saothair a fhaigheann an fostóir* na méideanna uile a fhaightear i bhfoirm fóirdheontais phoiblí atá beartaithe chun cuid de chostas an luacha saothair dhírigh nó an costas ar fad a aisíoc, ach nach bhfuil sé beartaithe leo costais slándála sóisialta ná gairmoiliúna a chumhdach. Ní áirítear leo aisíocaíochtaí arna n-íoc leis an bhfostóir ag institiúidí slándála sóisialta ná ag cistí árachais forlíontacha. Áirítear leo fóirdheontais saothair lena n-aisíoctar an costas a bhaineann le luach saothair a thabhairt do phrintísigh chomh maith le hoiliúnaithe agus intéirnigh íoctha.

(8) Sainmhínítear *innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán in aghaidh na huaire oibre (innéacs na gcostas saothair nó LCI)* mar innéacs Laspeyres de chostais saothair ráithiúla in aghaidh na huaire oibre, slabhraithe go bliantúil agus bunaithe ar struchtúr seasta gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar leibhéal roinne aicmiú NACE. Sonraítear an fhoirmle atá le húsáid chun an LCI a ríomh i Roinn 2.1 'Rialacha maidir le ríomhanna'.

(9) Sainmhínítear *an t-innéacs ráithiúil pá agus tuarastal in aghaidh na huaire oibre* mar innéacs Laspeyres de phá ráithiúil agus tuarastail ráithiúla in aghaidh na huaire oibre, slabhraithe go bliantúil agus bunaithe ar struchtúr seasta gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar leibhéal roinne aicmiú NACE.

(10) Sainmhínítear *innéacs ráithiúil na gcostas saothair seachas pá agus tuarastail in aghaidh na huaire oibre* mar innéacs Laspeyres de chostais saothair ráithiúla seachas pá agus tuarastail in aghaidh na huaire oibre, slabhraithe go bliantúil agus bunaithe ar struchtúr seasta gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar leibhéal roinne aicmiú NACE.

(11) Sainmhínítear *innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán (TCI) (roghnach)* mar an cóimheas simplí idir na costais saothair iomlána arna dtaifeadadh sa ráithe thagartha agus an ceathrú cuid díobh siúd a taifeadadh sa bhliain féilire roimhe sin, slabhraithe go bliantúil siar go dtí an bhonnbhliain. Sonraítear an fhoirmle atá le húsáid chun an TCI a ríomh i Roinn 2.1 'Rialacha maidir le ríomhanna'.

(12) Sainmhínítear *an t-innéacs ráithiúil uaireanta oibre (HWI) (roghnach)* mar innéacs Paasche na n-uaireanta oibre ráithiúla, slabhraithe go bliantúil agus bunaithe ar struchtúr gluaisteach gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar leibhéal roinne aicmiú NACE. Sonraítear an fhoirmle atá le húsáid chun HWI a ríomh i Roinn 2.1 'Rialacha maidir le ríomhanna'.

Innéacs ráithiúil na gcostas saothair, innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán agus innéacs ráithiúil na n-uaireanta oibre, sloinnfear iad i mbonnbhliain ina bhfuil na hinnéacsanna bliantúla, arna ríomh mar mheánmhéid simplí na gceithre innéacs ráithiúla don bhliain sin, cothrom le 100 do na hinnéacsanna neamhchoigeartaithe, arna gcoigeartú de réir féilire, agus arna gcoigeartú de réir féilire agus de réir séasúir.

Athróidh an bhonnbhliain gach ceithre bliana. Tarchuirfear sonraí sa bhonnbhliain nua le haghaidh tréimhsí tagartha a thosaíonn ón gcéad ráithe den bhliain tar éis do Eurostat na sonraí is déanaí maidir leis an topaic 'struchtúr na gcostas saothair' a fhoilsiú. Is é 2024 an bhonnbhliain a bheidh i gceist.

(c) **Maidir leis an topaic 'an bhearna phá idir na hinscní'**

(1) ciallaíonn *bearna phá idir na hinscní* an difríocht sa mheán-olltuilleamh in aghaidh na huaire a thuilleann fostaithe fireanna agus fostaithe baineanna arna sloinneadh mar chéatadán de mheán-olltuilleamh na bhfostaithe fireanna in aghaidh na huaire.

(2) Sainmhínítear *olltuilleamh, an líon uaireanta a íocadh, cineál rialaithe eacnamaíoch agus airgeadais (poiblí/príobháideach), agus am oibre conarthach (fostaí lánaimseartha/páirtaimseartha)* i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1526 ón gCoimisiún.

(3) Is éard atá in *olltuilleamh in aghaidh na huaire* an t-olltuilleamh míosúil arna roinnt ar líon míosúil na n-uaireanta a íoctar.

2.1. **Rialacha maidir le ríomhanna**

(a) *Maidir leis an topaic 'folúntais poist'*

Beidh sonraí maidir le poist fholmha agus poist líonta ionadaíoch don ráithe thagartha iomlán. Chun na críche sin, tá sé de rogha ag na Ballstáit na sonraí a bhailiú ar dháta tagartha sonrach laistigh de lár mhí na ráithe tagartha, nó meán ionadaíoch a ríomh bunaithe ar shonraí a bhailítear ar dhátaí tagartha sonracha atá láraithe timpeall mhí láir na ráithe tagartha nó a bhailítear go leanúnach le linn na ráithe tagartha.

(b) *Maidir leis an topaic 'innéacs costais saothair'*

Beidh innéacsanna ráithiúla na gcostas saothair in aghaidh na huaire oibre, innéacsanna ráithiúla na gcostas saothair iomlán *(roghnach)* agus innéacsanna ráithiúla uaireanta an chloig oibre *(roghnach)* ionadaíoch don ráithe thagartha iomlán.

Comhfhreagróidh costais bhliantúla saothair (ualaí) don bhliain féilire iomlán.

(c) *Foirmle chun innéacs na gcostas saothair slabhraithe (LCI) a ríomh*

Úsáidfear foirmle innéacs shlabhra Laspeyres chun innéacs ráithiúil na gcostas saothair in aghaidh na huaire oibre (LCI) agus a dhá chomhpháirt costais (pá agus tuarastail, agus costais saothair seachas pá agus tuarastail) a ríomh le haghaidh ranna aonair NACE, le haghaidh chomhiomláin NACE agus le haghaidh an gheilleagair iomláin.

(1) Foirmle bhunúsach Laspeyres atá le húsáid chun LCI a ríomh le haghaidh ráithe *t* i mbliain *j* le haghaidh ranna aonair NACE, le haghaidh chomhiomláin NACE agus le haghaidh an gheilleagair iomláin lena mbaineann bonntréimhse bhliantúil *k*, sainmhínítear í mar a leanas:

$$LCI_{tj(k)} = \frac{\sum_i w_i^{tj} h_i^k}{\sum_i w_i^k h_i^k} = \frac{\sum_i (w_i^{tj}/w_i^k)\, w_i^k h_i^k}{\sum_i W_i^k} = \frac{\sum_i W_i^k (w_i^{tj}/w_i^k)}{\sum_i W_i^k}$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

w_i^{tj} = costais saothair in aghaidh na huaire oibre i ndáil le fostaithe i roinn *i* de NACE i ráithe *t* sa bhliain *j*,

h_i^k = uaireanta oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE i mbliain *k*,

w_i^k = costais saothair in aghaidh na huair oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE sa bhliain *k*,

agus $1 \le t \le 4$,

W_i^k = $w_i^k \times h_i^k$ = costais iomlána saothair fostaithe i roinn *i* de NACE sa bhliain *k*.

(2) Sainmhínítear na hualaí a úsáidtear chun an t-innéacs a ríomh mar a leanas: $\frac{W_i^k}{\sum_i W_i^k}$

(3) An nasc bliantúil le haghaidh bliain *l* go bliain *l* + 1, ina bhfuil $0 \le l < l + 1 < j$, sainmhínítear é mar a leanas:

$$L''_{l,\, l+1} = \frac{\sum_i w_i^{l+1} h_i^l}{\sum_i w_i^l h_i^l}$$

(4) Foirmle innéacs shlabhra Laspeyres le haghaidh ráithe *t* sa bhliain *j* le bonnbhliain *k* = 0 agus le *m* an t-eatramh is gá chun na hualaí bliantúla is gá a phróiseáil agus a chur i bhfeidhm, ina bhfuil $1 \le m \le 2$, sainmhínítear í mar a leanas:

$$LCI_{tj(0)} = 100 \times (L''_{0,1}) \times (L''_{1,2}) \times \ldots\ldots \times (L''_{j-m-1,j-m}) \times LCI_{tj(j-m)}$$

(d) *Foirmle chun innéacsanna slabhracha na gcostas saothair iomlán a ríomh (roghnach)*

(1) An fhoirmle atá le húsáid chun na costais saothair iomlána (TCI) a ríomh le haghaidh ráithe *t* sa bhliain *j*, le haghaidh ranna NACE, le haghaidh chomhiomláin NACE agus le haghaidh an gheilleagair iomláin lena mbaineann bliain thagartha *k*, sainmhínítear í mar a leanas:

$$TCI_{tj(k)} = \frac{\sum_i h_i^{tj} w_i^{tj}}{\frac{1}{4}\sum_i h_i^k w_i^k} = \frac{\sum_i W_i^{tj}}{\frac{1}{4}\sum_i W_i^k}$$

i gcás inar fíor an méid seo a leanas:

h_i^{tj} = uaireanta oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE i ráithe *t* sa bhliain *j*,

w_i^{tj} = costais saothair in aghaidh na huaire oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE i ráithe *t* sa bhliain *j*,

h_i^k = uaireanta oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE sa bhliain *k*,

w_i^k = costais saothair in aghaidh na huaire oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE sa bhliain *k*,

W_i^{tj} = $w_i^{tj} \times h_i^{tj}$ = costais saothair iomlána na bhfostaithe i roinn *i* de NACE i ráithe *t* sa bhliain *j*,

W_i^k = $w_i^k \times h_i^k$ = costais iomlána saothair fostaithe i roinn *i* de NACE sa bhliain *k*,

agus $1 \le t \le 4$.

(2) An fhoirmle innéacs slabhra le haghaidh ráithe *t* i mbliain *j* lena mbaineann bonnbhliain *k* = 0, sainmhínítear í mar a leanas:

$$TCI_{tj(0)} = \frac{\sum_i h_i^{tj} w_i^{tj}}{\frac{1}{4}\sum_i h_i^0 w_i^0} = \frac{\sum_i W_i^{tj}}{\frac{1}{4}\sum_i W_i^0}$$

(e) *Foirmle chun innéacsanna slabhraithe na n-uaireanta oibre (HWI) a ríomh (roghnach)*

1. Foirmle bhunúsach Paasche atá le húsáid chun innéacsanna slabhraithe uaireanta oibre (HWI) a ríomh le haghaidh ráithe t sa bhliain j, le haghaidh ranna NACE, le haghaidh chomhiomláin NACE agus le haghaidh an gheilleagair iomláin lena mbaineann bliain thagartha k, sainmhínítear í mar a leanas:

$$HWI_{tj(k)} = \frac{\sum_i h_i^{tj} w_i^{tj}}{\frac{1}{4}\sum_i h_i^{k} w_i^{tj}} = \frac{\sum_i h_i^{tj} w_i^{tj}}{\frac{1}{4}\sum_i \left(h_i^{k} / h_i^{tj}\right) h_i^{tj} w_i^{tj}} = \frac{\sum_i W_i^{tj}}{\frac{1}{4}\sum_i W_i^{tj} \left(h_i^{k} / h_i^{tj}\right)}$$

i gcás inar fíor an méid seo a leanas:

h_i^{tj} = uaireanta oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE i ráithe *t* sa bhliain *j*,

h_i^{k} = uaireanta oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE sa bhliain *k*,

w_i^{tj} = costais saothair in aghaidh na huaire oibre ag fostaithe i roinn *i* de NACE i ráithe *t* sa bhliain *j*,

$W_i^{tj} = w_i^{tj} \times h_i^{tj}$ = costais saothair iomlána fostaithe i roinn *i* de NACE i ráithe *t* sa bhliain *j*,

agus $1 \leq t \leq 4$.

2. Sainmhínítear na hualaí atá le húsáid chun an t-innéacs a ríomh mar a leanas:

$$\frac{W_i^{tj}}{\sum_i W_i^{tj}}$$

3. An nasc bliantúil le haghaidh bliain l go bliain l + 1, ina bhfuil $0 \leq l < l + 1 < j$, sainmhínítear é mar a leanas:

$$L'_{l,\, l+1} = \frac{\sum_i h_i^{l+1} w_i^{l+1}}{\sum_i h_i^{l} w_i^{l+1}}$$

4. Foirmle innéacs shlabhrach Paasche le haghaidh ráithe t i mbliain j le bonnbhliain k = 0 agus le m an t-eatramh is gá chun na hualaí bliantúla is gá a phróiseáil agus a chur i bhfeidhm, ina bhfuil $1 \leq m \leq 2$, sainmhínítear í mar a leanas:

$$HWI_{tj(0)} = 100 \times (L'_{0,1}) \times (L'_{1,2}) \times \ldots\ldots \times (L'_{j-m-1,j-m}) \times HWI_{tj(j-m)}$$

(f) *Maidir leis an topaic 'an bhearna phá idir na hinscní'*

$$GPG_K = \frac{\left[\frac{\sum_{i=1}^{M} GHE_i}{M} - \frac{\sum_{j=1}^{W} GHE_j}{W}\right]}{\frac{\sum_{i=1}^{M} GHE_i}{M}} \times 100$$

Agus:

GPG_K = an bhearna phá idir na hinscní do bhliain féilire *K*,

GHEi = olltuilleamh fostaí fireann in aghaidh na huaire *i*, i mí ionadaíoch laistigh de bhliain féilire *K* nó a mheastachán mura bhfuil aon sonraí maidir le struchtúr tuillimh ar fáil,

GHEj = olltuilleamh in aghaidh na huaire, ag fostaí baineann *j*, i mí ionadaíoch laistigh de bhliain féilire *K* nó a mheastachán mura bhfuil aon sonraí maidir le struchtúr tuillimh ar fáil,

M = líon na bhfostaithe fireanna,

W = líon na bhfostaithe baineanna.

2.2. **Tacair sonraí le haghaidh meastacháin luatha**

(a) *Maidir leis an topaic 'folúntais poist'*

Tarchuirfidh na Ballstáit dá dtagraítear faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2025/941 meastacháin luatha ar na hathróga 'poist fholmha' agus 'poist líonta'. Beidh na meastacháin sin ionadaíoch ar gach fiontar cónaitheach nó ar gach aonad áitiúil cónaitheach ina bhfuil fostaí amháin nó níos mó a bhaineann le hiomlán ranna NACE uile faoi raon feidhme na topaice 'folúntais poist' mar a shainmhínítear in Airteagal 6(2) de Rialachán 2025/941.

Déanfar na sonraí a tharchur gan choigeartú agus coigeartaithe de réir séasúir.

(b) *Maidir leis an topaic 'innéacs costais saothair'*

Tarchuirfidh na Ballstáit dá dtagraítear faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2025/941 meastacháin luatha le haghaidh an innéacs costais saothair (LCI). Beidh na meastacháin sin ionadaíoch ar gach fiontar cónaitheach nó ar gach aonad áitiúil cónaitheach ina bhfuil fostaí amháin nó níos mó a bhaineann le hiomlán ranna NACE uile faoi raon feidhme na topaice 'an t-innéacs costais saothair' mar a shainmhínítear in Airteagal 6(2) de Rialachán 2025/941.

Déanfar na sonraí a tharchur gan choigeartú agus déanfar iad a choigeartú de réir an fhéilire.

Féadfar sonraí féilire agus sonraí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu a tharchur ar bhonn roghnach.

Ba cheart aon athbhreithniú do na ceithre ráithe ar a laghad roimh an tréimhse thagartha a bheith san áireamh leis na meastacháin luatha don dá thopaic.

Tá tarchur na meastachán luath le haghaidh ranna aonair NACE agus comhiomláin NACE mar a leagtar amach i Roinn 1 'Liosta athróg agus tuairisc ar athróga' roghnach le haghaidh an dá thopaic.

2.3. **Sonraí siarghabhálacha (roghnach)**

(a) *Maidir leis an topaic 'folúntais poist'*

Ba cheart do na Ballstáit sonraí siarghabhálacha a tharchur, mar a shainmhínítear i Roinn 1 'Liosta agus tuairisc ar athróga', le haghaidh tréimhsí tagartha siar go dtí an chéad ráithe de 2010, cé is moite de ranna G, J, K agus T de NACE, ar cheart iad a sholáthar ar ais go dtí an chéad ráithe de 2018.

Ba cheart gach fiontar cónaitheach nó gach aonad áitiúil cónaitheach ina bhfuil fostaí amháin nó níos mó a chumhdach le sonraí siarghabhálacha.

(b) *Maidir leis an topaic 'innéacs costais saothair'*

Ba cheart do na Ballstáit sonraí siarghabhálacha a tharchur le haghaidh na topaice mionsonraithe 'innéacs ráithiúil costas saothair in aghaidh na huaire oibre', mar a shainmhínítear i Roinn 1 'Liosta agus tuairisc na n-athróg', le haghaidh tréimhsí tagartha siar go dtí an chéad ráithe de 2009 san áireamh, cé is moite de ranna G, J, K agus T de NACE, áit ar cheart dóibh sonraí a tharchur ar ais ón gcéad ráithe de 2018.

Ba cheart fiontair a bhfuil fostaí amháin nó níos mó acu a chumhdach le sonraí siarghabhálacha. Mura bhfuil na sonraí sin ar fáil, ba cheart foinsí agus modhanna meastacháin iomchuí a úsáid.

Maidir leis an topaic mhionsonraithe 'costais bhliantúla saothair', ba cheart do na Ballstáit sonraí siarghabhálacha a tharchur, mar a shainmhínítear i Roinn 1 'Liosta agus tuairisc na n-athróg', le haghaidh tréimhsí tagartha siar go dtí 2008, cé is moite de ranna G, J, K agus T de NACE, áit ar cheart dóibh sonraí siarghabhálacha a tharchur ón mbliain 2017.

I gcás 'innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán' agus 'innéacs ráithiúil uaireanta oibre', is féidir leis na Ballstáit sonraí siarghabhálacha a tharchur, mar a shainmhínítear i Roinn 1 'Liosta agus tuairisc ar athróga', le haghaidh tréimhsí tagartha siar go dtí an chéad ráithe de 2025.

(c) *Maidir leis an topaic 'an bhearna phá idir na hinscní'*

Ba cheart do na Ballstáit sonraí siarghabhálacha le haghaidh tréimhsí tagartha a tharchur siar go dtí na sonraí is déanaí maidir leis an topaic 'struchtúr tuillimh' arna dtarchur chuig Eurostat, ag tosú leis an mbliain féilire 2026.

IARSCRÍBHINN II

Spriocanna beachtais

(a) **Maidir leis an topaic ‘folúntais poist’**

eidh sé d’aidhm ag na Ballstáit a úsáideann modhanna samplála an chomhéifeacht athrúcháin a choinneáil faoi bhun 5 % don líon post folamh (neamhchoigeartaithe) arna thomhas le linn na ráithe tagartha do gach fiontar cónaitheach nó aonad áitiúil ina bhfuil fostaí amháin nó níos mó a bhaineann le hiomlán ranna NACE uile faoi raon feidhme na topaice ‘folúntais poist’, mar a shainmhínítear in Airteagal 6(2) de Rialachán 2025/941.

Beidh sé d’aidhm ag na Ballstáit a úsáideann modhanna samplála chun an chomhéifeacht athrúcháin a choinneáil faoi bhun 1 % don líon post líonta (neamhchoigeartaithe) arna thomhas le linn na ráithe tagartha maidir le gach fiontar cónaitheach nó aonad áitiúil ag a bhfuil fostaí amháin nó níos mó a bhaineann le hiomlán ranna NACE uile faoi raon feidhme na topaice ‘folúntais poist’, mar a shainmhínítear in Airteagal 6(2) de Rialachán 2025/941.

Déanfar sonraí a tharchuirfear faoin Rialachán seo a mharcáil mar shonraí ‘íseal-iontaofachta’ más mó ná 25 % a gcomhéifeacht athrúcháin.

(b) **Maidir leis an topaic ‘innéacs costais saothair’**

Na Ballstáit a úsáideann modhanna samplála, beidh sé d’aidhm acu an earráid chaighdeánach a choinneáil faoi bhun 0,2 pointe céatadáin le haghaidh chomhpháirt an phá agus na dtuarastal d’innéacs na gcostas saothair, neamhshlabhraithe, nach bhfuil coigeartaithe de réir féilire ná de réir séasúir, lena gcumhdófar gach fiontar cónaitheach nó aonad áitiúil cónaitheach ina bhfuil fostaí amháin nó níos mó a bhaineann le hiomlán ranna NACE uile i raon feidhme na topaice ‘innéacs costais saothair’, mar a shainmhínítear in Airteagal 6(2) de Rialachán 2025/941.

Ba cheart an earráid chaighdeánach a ríomh trí úsáid a bhaint as foirmlí teoiriciúla nó ionsamhlúcháin. Déanann sé meastachán ar an bhfad a mheastar a bheidh idir an meastachán staidrimh agus an luach iarbhír atá le tomhas.

(c) **Maidir leis an topaic ‘an bhearna phá idir na hinscní’**

I gcás na mblianta atá i gcomhthráth le bliain thagartha na topaice ‘struchtúr tuillimh’, beidh sé d’aidhm ag na Ballstáit an dearbhdhifríocht idir (1) an luach a dhíorthaítear ó shonraí na topaice ‘struchtúr tuillimh’ agus (2) an bhearna phá idir na hinscní a tharchuirtear don gheilleagar iomlán (roimh athbhreithniú) a choinneáil faoi bhun 2 phointe céatadáin.